RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2264 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2021

lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 maidir leis na nótaí míniúcháin den doiciméad simplithe tionlacain le haghaidh táirgeoirí beaga neamhspleácha deimhnithe agus féindeimhnithe deochanna alcólacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta le haghaidh dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(1), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos an fhoirm le haghaidh an deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 23a(1) de Threoir 92/83/CEE ([3]) a eiseoidh na Ballstáit do tháirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha. Bunaítear leis an Rialachán seo freisin na tagairtí atá le déanamh ag na táirgeoirí sin sa doiciméad riaracháin le haghaidh gluaiseacht deochanna alcólacha faoi Chaibidil IV agus Caibidil V de Threoir 2008/118/CE.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos ábhar an doiciméid shimplithe tionlacain chun críche gluaiseachtaí earraí máil arna scaoileadh lena dtomhailt sa Bhallstát seolta.

(3) D'fhonn táirgeoirí beaga neamhspleácha deimhnithe agus féindeimhnithe a chumhdach is gá bosca 14, agus a nótaí míniúcháin, den doiciméad simplithe tionlacain maidir le gluaiseacht na ndeochanna alcólacha arna scaoileadh lena dtomhailt a leasú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2022 d'fhonn é a ailíniú le cur i bhfeidhm beart náisiúnta arna n-achtú le haghaidh thrasuí Threoir (AE) 2020/1151 ón gComhairle ([5]).

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Dhleacht Mháil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Bhosca 14 den doiciméad simplithe tionlacain:

"14 Deimhnithe (fíonta agus biotáillí áirithe, táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha)"

([1]) IO L 9, 14.1.2009, lch. 12

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha chun Treoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha a dheimhniú agus a fhéindeimhniú chun críocha dleachta máil (Féach leathanach 26 den Iris Oifigiúil seo).

([3]) Treoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 21).

([4]) Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 1992 maidir le doiciméad simplithe tionlacain do ghluaiseacht táirgí laistigh den Chomhphobal a ngearrtar dleacht mháil orthu arna scaoileadh lena dtomhailt sa Bhallstát seolta (IO L 369, 18.12.1992, lch. 17).

([5]) Treoir (AE) 2020/1151 ón gComhairle an 29 Iúil 2020 lena leasaítear Treoir 92/83/CEE maidir le struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO L 256, 5.8.2020, lch. 1).

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3) de Bhosca 14 i roinn "2. Ceannteidil" de na Nótaí Míniúcháin:

"3. Maidir le deochanna alcólacha a tháirgtear ag táirgeoirí beaga neamhspleácha féindeimhnithe, cuirfear an fhaisnéis isteach i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún (*) i gcás ina bhfuil sé beartaithe ráta laghdaithe dleachta máil a éileamh sa Bhallstát cinn scríbe.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha chun Treoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha a dheimhniú agus a fhéindeimhniú chun críocha dleachta máil (IO L 455)";

(3) scriostar pointe 4 de Bhosca 14 i roinn "2. Ceannteidil" de na Nótaí Míniúcháin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN